

# Scoileanna Caitliceacha: Gairm Fhreastail

Grá • Ceanúlacht • Lúcháir • Fírinne • Ceart

Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2015

Acmhainní don Phobal Bunscoile:
Baile, Scoil & Paróiste

**Scoileanna Caitliceacha: Gairm Fhreastail**
25–31 Eanáir 2015

# Clár Ábhair

**Ag Ullmhú**
Acmhainní 1

**Acmhainní Baile**
Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2015 sa Bhaile 2

**Acmhainní Scoile**
Machnamh an Lae 3

**An Luan:** Iarrtar Orainn Freastal go Grámhar 4

**An Mháirt:** Iarrtar Orainn Freastal le Ceanúlacht 10

**An Chéadaoin:** Iarrtar Orainn Freastal le Lúcháir 16

**An Déardaoin:** Iarrtar Orainn Freastal le Fírinne 22

**An Aoine:** Iarrtar Orainn Freastal le Ceart 28

Machnamh Críostaí do Pháistí CLÚDACH DEIRIDH

# Acmhainní

Tá acmhainní breise le híoslódáil ón suíomh
**www.catholicschools.ie**:

- An acmhainn *as Gaeilge*
- Leathanach Baile as Polainnis
- Machnamh do Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2015 atá oiriúnach don fhoireann, agus don Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí
- Cruinniú do Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2015
- Ag ceiliúradh Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2015 sa Deoise
- Seirbhís le ministreacht na múinteoirí a cheiliúradh
- Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2015 sa pharóiste
- Seirbhís Urnaí Thosaigh do Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2015
- Seirbhís Urnaí Dheiridh do Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2015
- Seirbhís Urnaí do Lá na Seantuismitheoirí 2015.

## Póstaer

Tá póstaer den toise A2 ar fáil a chuirfí le hobair an lae, gach lá sa tseachtain, i rith Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha. Croch an póstaer seo in áit naofa na scoile. D'fhéadfaí cuid d'obair reatha na bpáistí a chur leis an taispeántas in aghaidh an lae chomh maith. Bíodh an fhreagracht ar rang éagsúil in aghaidh an lae, an obair is fearr a roghnú le cur ar taispeáint.

## Cuireadh do na Scoileanna

Mar chuid de Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2015, beidh clár beoshrutha do na bunscoileanna ar **iCatholic.ie,** Dé Máirt, 27 Eanáir ag 11:55 r.n. Beidh an clár tríocha nóiméad ar fhad.

Logáil isteach ag www.icatholic.ie/live chun páirt a ghlacadh sa chlár seo le do rang.

# Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2015 sa Bhaile

**A Thuismitheoirí is a Theaghlaigh,**
Beidh Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha á cheiliúradh ar feadh na seachtaine anseo. Tugann an ceiliúradh bliantúil den oideachas Caitliceach seo deis dúinn ar fad, bheith feasach ar an gcion tairbhe uathúil a dhéanann na scoileanna don tsochaí Éireannach. Is é téama na bliana seo ná Scoileanna Caitliceacha: Gairm Fhreastail. Tugaimid cuireadh daoibh i rith na seachtaine seo machnamh a dhéanamh ar an tseirbhís a dhéanann na Scoileanna Caitliceacha i leith na bpáistí, na teaghlaigh agus an pobal i gcoitinne. Tugaimid cuireadh daoibh chomh maith machnamh ar an mbealach ina bhféadfá féin tacú leis an tseirbhís a chuireann na scoileanna Caitliceacha ar fáil ar iliomad bealaí. Bain triail as cuid de na smaointe thíos:

ACMHAINNÍ BAILE

## An Luan Iarrtar Orainn Freastal le Grá

Guigh paidir na maidine le do pháiste inniu:

**Ag Éirí Duit**
Éirím suas le Dia
Go n-éirí Dia liom
Lámh Dé i mo thimpeall
Ag suí is ag luí
Is ag éirí dom.
Amen.

## An Mháirt Iarrtar Orainn Freastal le Ceanúlacht

Cabhraigh le do pháiste gníomh randamach ceanúlachta a dhéanamh inniu.

## An Chéadaoin Iarrtar Orainn Freastal le Lúcháir

Inniu Lá na Seantuismitheoirí. D'fhéadfá cárta a dhéanamh le do pháiste, le bronnadh ar na seantuismitheoirí. Gabh buíochas leo as an lúcháir a chuireann siad ar bhur saol. Tá gníomhaíocht atá oiriúnach do chách le fáil ar leathanach 21 maidir le cárta a chruthú.

## An Déardaoin Iarrtar Orainn Freastal le Fírinne

Tabhair cuairt ar an séipéal in éineacht le do pháiste inniu. Beannaigh a chéile leis an uisce coisricthe, las coinneal agus abair paidir ag gabháil buíochais as an obair a dhéanann na múinteoirí in bhur scoil.

## An Aoine Iarrtar Orainn Freastal le Ceart

Smaoinigh ar rud éigin a dhéanamh inniu a chuirfeadh feabhas ar dhomhan Dé. Bailigh bruscar, múch soilse nach bhfuil aon ghá leo, téigh ar shiúlóid le do pháiste, nó a leithéidí, agus tabhair faoi deara an áilleacht a chruthaigh Dia ar domhan.

# Machnamh an Lae

## Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha: Gairm Fhreastail

Déan an machnamh oiriúnach don lá a léamh amach os ard, sna seomraí ranga, nó thar an gcóras idirchumarsáide, le pobal iomlán na scoile a thabhairt le chéile. Bíodh am ciúin ann sna seomraí i ndiaidh an mhachnaimh. Tá treoir maidir le machnamh Críostaí a reáchtáil le fáil ar chúl na hacmhainne seo.

**An Luan:** Inniu an chéad lá de Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2015. Is é téama na seachtaine seo ná **Scoileanna Caitliceacha: Gairm Fhreastail**. Chuir Dia a aonmhac Íosa ar domhan le méid a ghrá a thaispeáint dúinn. Mhúin Íosa dúinn trína bhriathar agus i ngníomh, conas mar a dhéanfaimis freastal ar Dhia le grá. Bímid ag freastal ar Dhia trí ghrá a thabhairt dá chéile, dár muintir, agus dár gcairde. Ach iarrann Dia orainn chomh maith, grá a thabhairt do dhaoine nach bhfuil sé éasca dúinn iad a ghrá, daoine suaracha, gránna, nach bhfuil cion acu orainn, nach n-aontaíonn linn, daoine nach bhfuil meas acu orainn. Is é seo an chomhartha aitheantais de bheith ag freastal ar Dhia le grá. A Dhia an ghrá, cabhraigh linn an chomharsa a ghrá. Tuigimid go dtugann tusa grá dúinn gan coinníoll ar bith. Guímid le chéile, an phaidir a bhronn Íosa orainn:
*Ár nAthair ...*

**An Mháirt:** Inniu iarrtar orainn freastal ar Dhia le ceanúlacht. A fhad is a bhí Íosa anseo ar domhan bhí sé ceanúil ar chách, orthusan nár thug duine ar bith eile grá dóibh, ach go háirithe. Bíonn sé éasca grá a thabhairt do dhaoine deasa, nó do dhaoine a bhíonn ceanúil orainne, ach iarrtar orainn freastal ar Dhia trí bheith ceanúil ar chách, ar na daoine imeallacha ach go háirithe, ar na daoine nach bhfuil cion ag aon duine eile orthu. A Dia na ceanúlachta, deonaigh go ndéanfaimid gach iarracht bheith ceanúil ar chách, agus é seo a chur i ngníomh inniu agus i gcónaí. Guímid le chéile, an phaidir a bhronn Íosa orainn:
*Ár nAthair ...*

**An Chéadaoin:** Inniu Lá na Seantuismitheoirí agus smaoinímid ar an mbealach ina bhféadfaimis freastal go lúcháireach ar an Tiarna. Tugann na seantuismitheoirí a leithéid de lúcháir isteach inár saol, agus tuigimid dá bharr, gur féidir linne aithris a dhéanamh orthu agus é a chúiteamh leo. Is féidir freastal ar Dhia trí bheith lúcháireach i ngach a déanaimid, agus tríd an lúcháir sin a roinnt le daoine eile. Is teagascóirí iontacha iad na seantuismitheoirí maidir le freastal ar Dhia toisc go gcuireann siad an creideamh ar aghaidh chugainne. A Dhia an lúcháir, deonaigh go n-aimseoimid an lúcháir i ngach aon ghníomh a dhéanfaimid inniu agus i gcónaí. Guímid le chéile, an phaidir a bhronn Íosa orainn:
*Ár nAthair ...*

**An Déardaoin:** Déan machnamh inniu ar an mbealach inar féidir linn freastal ar an Tiarna le fírinne. Tháinig Íosa ar an saol leis an fhírinne is mó ar domhan a fhógairt – an Dea-Scéala go ngránn Dia muid. Is fíor a rá go mbeidh grá neamhchoinníollach ag Dia dúinn; grá síoraí. Bíonn an grá ann i gcónaí dúinn, fiú nuair a iompaímid ó Dhia, agus fanfaidh sé go foighneach orainn filleadh air. A Dhia na fírinne, cabhraigh linn d'fhírinne a roinnt le cách inniu; cabhraigh linn bheith mar Shoiscéal i ngach aon ghníomh a dhéanaimid, tríd an chaint a dhéanaimid, tríd an ngrá a thugaimid. Guímid le chéile, an phaidir a bhronn Íosa orainn:
*Ár nAthair ...*

**An Aoine:** Agus Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha ag druidim chun deiridh, iarrtar orainn smaoineamh ach go háirithe ar an mbealach ina bhféadfaimis freastal ar Dhia le ceart. Nuair a bhímid ag gníomhú ar bhealach cóir, agus ceart, bímid ag feidhmiú ar nós Íosa. Bímid ag iarraidh domhan cothrom, ceart, cóir a chruthú. A Dhia an chirt, deonaigh go n-éileoimid an ceart ar scoil i gcónaí, sa bhaile, i measc an phobail, agus go háirithe sna háiteanna sin ar domhan nach mbíonn an ceart i bhfeidhm do dhaoine iontu. Guímid le chéile, an phaidir a bhronn Íosa orainn:
*Ár nAthair ...*

# An Luan:
# Iarrtar Orainn Freastal le Grá


**Don Mhúinteoir:** Cuirimid tús le Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha trí mhachnamh a dhéanamh faoin mbealach ina n-iarrtar orainn freastal le grá mar lucht leanta Chríost. Bíonn gach a ndéanaimid mar Chríostaithe fréamhaithe sa ghrá, agus sa tuiscint atá againn maidir le grá bheith á thabhairt i gcónaí dúinn ag Dia, agus go n-iarrtar orainn maireachtáil ar bhealach a léiríonn grá dúinn féin, don duine eile, agus do Dhia.

**N. Bheaga & N. Mhóra/Bunscoil 1 & 2:** Iarr ar na páistí na daoine ar fad a thugann grá dóibh a ainmniú. Ansin iarr orthu na daoine a dtugann siad féin grá dóibh a ainmniú. Dá bhféadfaimis croí ollmhór a chruthú a choimeádfadh an grá seo ar fad, cén toise a bhainfeadh leis? An mbeadh spás ar an gclár bán dó? An bhféadfaimis é a tharraingt le cailc ar chlós na scoile? An bhféadfaimis é a tharraingt le péint ar pháirc imeartha na scoile? Croí ollmhór a bheadh ann leis an méid sin ghrá a choimeád. Anois abair leis na daltaí go bhfuil duine ann a thugann grá i bhfad níos mó ná an méid a bheadh sa chroí sin dóibh. Is é Dia an duine sin. Ní fhéadfaimis méid an ghrá atá ag Dia dúinn a shamhlú. An grá a thugann Dia dúinn, agus nach bhféadfaimis a léiriú i gcroí ar bith dá mhéad é, tagann sé ó Dhia atá mar an grá féin. Is eisean an grá. Tá grá ag Dia dúinn. Iarr ar na páistí smaoineamh ar fhocal a léireoidh conas a mhothaíonn siad faoin ngrá seo. An bhfuil bealaí eile ann ina bhféadfaimis grá Dé a roinnt le daoine eile. Is féidir linn grá Dé a roinnt le duine ar leith, tríd an ghníomhaíocht ar leathanach 6 a chomhlíonadh. Iarr ar na daltaí rogha a dhéanamh maidir leis an duine a gheobhaidh an leathanach uathu nuair a bhíonn sé líonta acu. Cuir deireadh leis an gceacht tríd an choinneal ranga a lasadh agus a iarraidh ar na páistí buíochas a ghabháil le Dia as na daoine ar fad a thugann grá dóibh, as na daoine a bhfuil grá acu féin dóibh, agus gabh buíochas le Dia as a ghrá ollmhór féin dóibh.

AN LUAN


**R.1 & R.2/Bunscoil 3 & 4:** Scríobh na focail 'Gráigí a Chéile' ar an gclár. Abair leis na daltaí gur seo an riachtanas is mó a lorgaíonn Íosa óna lucht leanúna. Dúirt sé lena chairde go raibh sé dlite orthu grá a léiriú dá chéile de réir mar a léirigh seisean grá dóibh. Dá dteastódh uathu bheith aitheanta mar chairde Chríost, bheadh orthu grá dá chéile a léiriú. Nuair a dhéanaimid a leithéid bímid ag roinnt grá Dé lena chéile. Labhair leis na páistí faoi ghrá Dé a roinnt. Bíonn sé deacair a leithéid a dhéanamh uaireanta. Uaireanta bímid crosta, nó feargach. Uaireanta bíonn rogha againn an grá a roinnt seachas an grá a loiteadh. Ba cheart go ndéanfaimis iarracht i gcónaí grá Dé a roinnt seachas é a loiteadh. Tá gníomhaíocht ar leathanach 7 a chabhróidh leis na páistí smaoineamh ar amanna ina bhféadfaí rogha a dhéanamh grá Dé a roinnt seachas é a loiteadh.

**Múin/guigh/téigh siar ar Phaidir na Maidine:**



## Ag Éirí Duit

Éirím suas le Dia
Go n-éirí Dia liom
Lámh Dé i mo thimpeall
Ag suí is ag luí
Is ag éirí dom. Amen.



R.3 & R.4/Bunscoil 5 & 6:

## Imigh agus Fógair Soiscéal an Tiarna

Imir cluiche "Hangman" leis na páistí leis an teachtaireacht is tábhachtaí a bhaineann leis na Soiscéil a léiriú: **'Tugaigí Grá Dá Chéile.'** Seasaimid ag deireadh an Aifrinn– bímid ag ullmhú le dul amach sa saol agus obair Dé a chur i bhfeidhm. Cuireann an sagart a bheannacht orainn, beannacht a thabharfaidh an grásta dúinn bheith láidir, cróga chun an obair a chur i gcrích. **'Imigh agus Fógair Soiscéal Dé'**, a deir an sagart linn. Seo an misean, an obair atá romhainn don tseachtain. Cuirtear amach ón Aifreann muid leis an Soiscéal a fhógairt. Cén bhrí atá leis sin? Ciallaíonn sé go dtugaimid grá Dé do chách, go roinnimid dea-scéala an tSoiscéil, sé sin go ngránn Dia muid agus go gcaithimid grá a léiriú dá chéile dá bharr san. Is féidir an Soiscéal a fhógairt gan é a chur i bhfocail; is féidir é sin a dhéanamh i ngníomh chomh maith. Iarr ar na páistí smaoineamh a roghnú ó leathanach 8 a chabhródh leo sa mhisean atá acu Soiscéal an Tiarna a chur i bhfeidhm. Smaoinigh ar bhealach amháin eile ina bhféadfaidís an misean a chomhlíonadh mar rang, nó mar dhaoine indibhidiúla.


**R.5 & R.6/Bunscoil 7:** D'fhógair An Pápa Proinsias go dtiocfadh deireadh le Bliain an tSaoil Coisricthe (cuireadh tú leis mí Dheireadh Fómhair 2014) i mí na Samhna 2015. Deirtear faoi na fir is na mná a bhaineann leis na hoird rialta go mbíonn saol coisricthe á chaitheamh acu. Beidh cur síos ann amárach ar dhuine acusan, bean darb ainm Angela Merici, a bhunaigh Ord na nUrsalach. Tá cuardach focal ar leathanach 9 a thugann ainmneacha roinnt de na daoine naofa seo a bhí ag freastal go grámhar ar Dhia. Chaith siad an saol ar mhaithe le grá Dé, agus lena scaipeadh chomh fada lena raibh ar a gcumas. Déan taighde maidir le cuid de na daoine a luaitear ansin. I saol an lae inniu, tá níos lú daoine a roghnaíonn agus a chaitheann saol coisricthe, ach tá méid áirithe daoine ann i gcónaí a dhéanann freastal ar ghrá Dé tríd an mbealach ina gcaitheann siad a saol.





**Iarrtar Orainn Freastal le Grá: N. Bheaga & N. Mhóra/Bunscoil 1 & 2**

Líon isteach agus dathaigh na croíthe thíos




AN LUAN

## Iarrtar Orainn Freastal le Grá: R.1 & R.2/Bunscoil 3 & 4

### 'Gráigí a Chéile' Arsa Íosa

Cuir ciorcail timpeall ar na focail a chabhróidh linn grá Dé a roinnt

Déanaim gáire

Screadaim

Bím pusach

Roinnim

Diúltaím

Maithim

Éistim

Croithim lámh

Brúchtaim

Críochnaigh an abairt le ceann acusan thuas

________________________ agus roinnim grá Dé.

________________________ agus roinnim grá Dé.

________________________ agus roinnim grá Dé.

________________________ agus roinnim grá Dé.

________________________ agus roinnim grá Dé.

________________________ agus loitim grá Dé.

________________________ agus loitim grá Dé.

________________________ agus loitim grá Dé.

________________________ agus loitim grá Dé.

Cabhraigh liom a Dhia go ______________ do ghrá agus nach ______________ ar chor ar bith é. Amen.

AN LUAN

**Iarrtar Orainn Freastal le Grá: R.3 & R.4/Bunscoil 5 & 6**



# Imigh agus Fógair Soiscéal an Tiarna

**Scríobh an ceann a dhéanfaidh tú, sa bhosca ag bun an leathanaigh**

- 'Le do thoil' a rá
- glao/téacs/ ríomhphost a chur chuig duine a ghránn mé
- bheith cabhrach
- gach pioc den lón a ithe
- paidir a rá ar son páistí ocracha
- slacht a chur ar na bréagáin sula n-iarrtar orm
- cárta a dhéanamh do dhuine
- gan gearán a dhéanamh
- fáilte a chur roimh chách sna cluichí clóis
- gáire a dhéanamh nuair a bhím crosta
- na héin a chothú
- buíochas a ghabháil
- leithscéal a ghabháil nuair is gá
- bruscar a bhailiú
- cabhrú leis an nglanadh suas

## Is é an misean atá agam ná

## Iarrtar Orainn Freastal le Grá: R.5 & R.6/Bunscoil 7

Tá an scéal céanna le rá faoin uile dhuine sa chuardach focal seo. Bhunaigh gach aon duine acu Ord Rialta, sé sin comhluadar le siúracha, bráithre, nó sagairt ann, a rinne obair Dé go grámhar, go leor acu trí bheith ag múineadh páistí.

An féidir leat ainmneacha na nOrd Rialta sin a aimsiú? Tá scoileanna in Éirinn an lae inniu ag gach aon ord acu.

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| U | J | E | A | N | C | L | A | U | D | E | C | O | L | I | N | G | H | U | E | N | T | Z |
| L | X | T | A | N | G | A | P | M | A | H | C | N | I | L | L | E | C | R | A | M | K | D |
| C | B | F | L | F | P | F | M | F | N | B | Q | W | U | E | E | F | M | M | T | I | Q | Y |
| R | P | F | F | A | K | G | Y | E | G | A | F | O | E | C | I | R | D | N | U | M | D | E |
| B | C | Y | Q | B | Y | A | N | G | E | L | A | M | E | R | I | C | I | S | M | T | X | U |
| C | L | A | U | D | E | P | O | U | L | L | A | R | T | D | E | S | P | L | A | C | E | S |
| E | C | M | A | R | I | E | M | A | D | E | L | E | I | N | E | D | H | O | U | E | T | G |
| B | J | W | E | N | A | G | R | R | K | G | J | H | E | R | F | U | G | Z | C | B | D | D |
| A | L | O | Y | O | L | S | U | I | T | A | N | G | I | P | P | E | D | B | R | D | F | A |
| U | I | G | L | E | K | G | U | M | A | V | I | L | B | E | N | E | D | I | C | T | B | N |
| Y | T | E | X | Z | U | V | S | G | N | L | S | I | C | N | A | R | F | O | E | H | W | I |
| V | I | N | C | E | N | T | D | E | P | A | U | L | F | E | U | L | R | P | F | W | L | E |
| E | E | Y | W | Q | T | N | L | X | W | N | A | N | O | N | A | G | L | E | U | E | I | L |
| D | F | C | S | I | B | Y | E | L | U | A | C | M | E | N | I | R | E | H | T | A | C | D |
| O | P | E | R | F | C | I | N | I | M | O | D | B | D | P | O | Y | Z | B | L | I | S | E |
| C | H | M | A | D | E | L | E | I | N | E | S | O | P | H | I | E | B | A | R | A | T | L |
| S | R | E | J | X | F | H | L | R | Y | R | S | N | Q | D | R | A | W | Y | R | A | M | A |
| O | N | F | F | O | A | L | E | H | B | A | P | W | H | T | Y | Y | U | J | U | M | W | N |
| B | M | E | C | J | F | A | U | G | U | S | T | I | N | E | S | P | X | T | C | W | C | Y |
| N | L | E | X | G | C | V | L | F | M | A | R | Y | A | I | K | E | N | H | E | A | D | E |
| O | L | J | Y | I | A | O | L | Y | H | Y | H | E | D | V | C | D | P | I | R | J | V | D |
| D | T | T | A | S | F | R | A | N | C | E | S | T | A | Y | L | O | R | P | L | V | P | B |
| A | W | I | C | T | G | J | O | N | K | C | J | C | W | V | H | D | O | B | C | P | P | E |

### Cuardach Focal

Angela Merici
Catherine McAuley
Nano Nagle
Edmund Rice
Mary Aikenhead
Daniel Delany
Mary Ward

Ignatius Loyola
Don Bosco
Benedict
Augustine
Dominic
Marie Madeleine d'Houet
Francis

Claude Poullart des Places
Jean Claude Colin
Marcellin Champagnat
Frances Taylor
Madeleine Sophie Barat
Vincent de Paul

# An Mháirt:
# Iarrtar Orainn Freastal le Ceanúlacht

**Don Mhúinteoir:** Iarrtar ar na daoine a leanann Críost, grá a thabhairt dá chéile faoi mar a thug Dia grá dúinn. Bealach amháin ina léirímid gur daoine grámhara atá ionainn, ná trí bheith cineálta, trí bheith mar dhaoine comhbhácha. Deir Jaime Corpus Reyes, ealaíontóir a bhaineann leis an tionscnaíocht "Tonnta Ceanúlachta": 'Is í an cheanúlacht ná an grá fíorghlan a thugtar, a bhraitear, a chuirtear i gcrích.' Bí ag machnamh leis na daltaí go ciúin ar feadh scaithimh ar na trí rudaí seo:

1. Cathain a bhraith siad an cheanúlacht? Cad iad na focail/gníomhartha a léirigh cion?
2. An gcuimhníonn siad ar ócáid inar léirigh siad féin cion? Cad a rinne/dúirt siad?
3. Déan machnamh agus pleanáil faoin mbealach ina bhféadfaimis cion a léiriú i ngach gné dár saol. Cuireann an aghaidh tús leis go minic, faoi mar a deir William Arthur Ward, 'Is í aoibh an gháire, teanga idirnáisiúnta na ceanúlachta.'

## LE BHEITH CINEÁLTA – CAD ATÁ LE DÉANAMH?

Le sainmhínithe na ceanúlachta agus le leideanna faoi ghníomhartha cineáltais a chur i bhfeidhm, téigh chuig **www.randomactsofkindness.org** agus **www.brainyquote.com**. Tá íomhánna i bhfoirm póstaer de ráitis faoin gceanúlacht le fáil ar líne, agus d'fhéadfaí iad a úsáid i dtaispeántais, spárálaithe gníomhacha scáileán, 7rl.

**N. Bheaga & N. Mhóra/Bunscoil 1 & 2:** Deir Íosa linn go gcaithimid grá a thabhairt dá chéile, agus ciallaíonn sé sin go gcaithimid an cineáltas a léiriú i leith daoine eile. Smaoinigh ar rudaí deasa a déarfadh nó a dhéanfadh na daltaí leis an smaoineamh seo a chur i ngníomh. Má thugann tú faoi deara go mbíonn na daltaí ceanúil i ngníomh, abair leo gur thug tú faoi deara é, agus tabhair moladh dóibh. Inis scéal dóibh a léiríonn gníomhartha/focail/smaointe ceanúla, m.sh. *The Smartest Giant* le Julia Donaldson, *The Three Little Wolves & The Big Bad Pig* le Eugene Trivizas, agus *The Old Bear Stories* le Jane Hissey.
Múin an dán beag seo do na leanaí:

A bheith ceanúil i bhfocail,
A bheith ceanúil i ngníomh
A bheith ceanúil gach lá,
Grá Dé mar a bhí riamh.

Croch taispeántas sa seomra ranga nó san áit naofa, ag baint úsáide as na gníomhaíochtaí ar leathanach 12.

**R.1 & R.2/Bunscoil 3 & 4:**
Deir Íosa linn go mbíonn Dia i láthair nuair a bhronnaimid grá, toisc gurb é Dia an Grá. Iarrann Íosa orainn é a leanúint agus an saol a chaitheamh ag grá, ag tabhairt aire don duine eile, ag cabhrú, ag léiriú cineáltais. Is féidir linn machnamh a dhéanamh faoin mbealach ina mbeimis cineálta do dhuine eile trí **Lámh Chúnta** a thabhairt ar bhealach gealgháireach cairdiúil. Déanann gach dalta imlíne a láimhe a tharraingt, agus a ghearradh amach. Scríobhann siad trí bhealach ina bhféadfaidís an **Lámh Chúnta** a shíneadh sa bhaile agus/nó ar scoil. Is féidir na lámha ar fad a chrochadh i bhfoirm chrainn, crann pailme b'fhéidir. D'fhéadfaí an dara lámh a mhaisiú le gníomhartha cineáltais a dhéanfaidís do dhuine eile, lena thabhairt don duine sin. Arsa an cartúnaí Scott Adams: 'Cuimhnigh air nach bhfuil gníomh beag cineáltais ann. Cruthaíonn gach aon ghníomh mar sin toradh cuilitheach síoraí.' Is féidir an toradh cuilitheach seo a léiriú trí *Because a Little Bug Went Ka-choo!* le Rosetta Stone (i measc leabhar an Dr. Seuss) a léamh do na páistí. D'fhéadfadh na daltaí athscríobh/athshamhlú a dhéanamh ar an scéal trí ghníomhartha cineáltais a lua, agus an toradh a bheadh leo. Tugann an ghníomhaíocht ar leathanach 13 léargas ar an tábhacht a bhaineann le focail chineálta a rá. Má bhímid míchineálta, is féidir linn leithscéil a ghabháil agus tosú ar bheith cineálta arís.

**R.3 & R.4/Bunscoil 5 & 6:**
Déan plé leis na páistí faoin cheist: an gá go mbeimis ceanúil ar dhaoine, le cineáltas a léiriú ina leith? An féidir cineáltas a léiriú fiú mura dtaitníonn duine linn? Bheith cineálta le duine nár bhuail linn riamh? An féidir linn cineáltas a léiriú do dhuine nuair nach mbíonn an duine sin ag feidhmiú ar bhealach cineálta? Cén áit ina bhfaighimis an neart, an chabhair, agus an grásta bheith cineálta nuair a

bhíonn sé deacair dúinn a leithéid a dhéanamh? Cad a deir Íosa? Cén dea-shampla a thugann Sé dúinn? Bain úsáid as scéal Zacháias (*Beo go Deo 5*, leathanach 29) le scagadh a dhéanamh ar an mbealach ina mbíodh Íosa ag feidhmiú maidir le duine nach raibh meas madra air, duine nach raibh cineálta ina shaol. Léirigh Íosa cineáltas i leith Zacháias , duine gan chara, a raibh ainm in airde air as bheith suarach, gránna. Conas mar a thaispeáin Íosa cineáltas? Conas mar a mhothaigh Zacháias ? Cén tionchar a bhí ag an chineáltas ar Zacháias nó ar dhaoine eile? Bhí tionchar nach beag ag cineáltas Íosa. Cuireann an parabal faoin ngráinne síol mustaird, *Beo go Deo 6*, leathanach 7, i gcuimhne dúinn gur féidir le rud beag bídeach fás le bheith mar rud ollmhór. D'fhásfadh síol mustaird an ghnímh bhig cineáltais, le go mbeadh sé mar chrann ard na ceanúlachta. Déan machnamh ar bhrí na bhfocal atá le sonrú i measc na n-iomann atá ar fáil i *Beo go Deo 5*, leathanach 57, leathanach 59 agus i *Beo go Deo 6*, leathanach 54, agus leathanach 56.
Cabhróidh an ghníomhaíocht ar leathanach 14 leis na páistí aithne a chur ar roinnt scéalta ón mBíobla a léiríonn dea-shampla Íosa faoi bheith cineálta do dhaoine eile. Nuair a aithníonn siad na teidil, is féidir leo na tagairtí a úsáid leis na scéalta a aimsiú, agus na tagairtí cearta a scríobh in aice leis na teidil.

**R.5 & R.6/Bunscoil 7:** Is é an bhrí a bhain Aristotle as an cheanúlacht ná 'bheith cabhrach i leith dhuine gátarach, gan bheith ag súil le cúiteamh, ní ar mhaithe leis an duine a thugann cabhair, ach ar mhaithe leis an duine a fhaigheann an chabhair'. Tá daoine ann, lucht leanta Íosa, a maireann ar an mbealach seo, ag iarraidh grá Dé a léiriú. Is oibrithe ar son Ríochta Dé iad. Aithníonn siad an gá a bhaineann le saol daoine eile agus déanann siad gach iarracht freastal orthu. Bíonn an cheanúlacht



mar dhearcadh agus mar nós maireachtála acu. Is sa bhealach seo a mbíonn Spiorad Dé ag obair trí phobal Dé. Aithnítear gur naoimh cuid de na daoine seo. Angela Merici ab ainm do dhuine acu. Bhunaigh sí Ord na nUrsalach. Déanann an Eaglais a lá féile a cheiliúradh ar an 27 Eanáir. Bain úsáid as an ngníomhaíocht ar leathanach 15, cuir trodán eolais le chéile maidir le Angela Merici. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag an suíomh: **www.catholic.org/saints/saint.php?saint_id=21**. Is é seo an cuireadh a thugann Angela Merici do dhaoine:

**Bí gníomhach**

**Bog leat**

**Bí muiníneach**

**Bain triail as rudaí nua**

**Lean leis**

**Téigh ar do ghlúine**

**BÍ ULLAMH ANSIN DON IONTAS**

Bheadh sé suimiúil na smaointe seo a phlé le do rang. Céard faoi 'Nuachtán an Dea-Scéil' a chur le chéile le cur ar taispeáint i rith Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha, agus bheadh an deis ann cur leis ina dhiaidh sin? Cé hiad na daoine sa scoil seo, i measc an phobail, daoine a bhíonn sa nuacht agus a bhíonn ag freastal ar riachtanais an duine eile? Roghnaigh daoine le taighde a dhéanamh agus tuairisc a scríobh faoin obair a dhéanann siad. Bailigh eolas in ailt/grianghraif/ tionscnaíocht a dhéanann cur síos ar ghníomhartha ceanúla, obair ar son an chirt, ar son na síochána, birt cheanúla/daoine agus tionchar dearfach acu ar chúrsaí, imeachtaí a léiríonn ceanúlacht i leith gach ar chruthaigh Dia.

Uaireanta beidh orainn bheith crua agus láidir leis an sórt seo ceanúlachta a chur i bhfeidhm. Bíonn a fhios againn mar Chríostaithe nach ag obair as ár stuaim féin atáimid, is féidir linn brath ar an Spiorad Naomh le cabhair a fháil. Iarr ar na páistí paidir don Spiorad Naomh a chumadh. Déan na nithe seo a phlé leis an rang:

- An bhfuil sé deacair gníomhartha ceanúla a chur i bhfeidhm mura dtacaíonn do chairde leat?
- Conas is féidir linn cabhrú le daoine gátaracha sa rang nó ar scoil. An bhfuil gátar sa timpeallacht, nó níos faide amach ó do dhúiche féin?
- MAIR GO CINEÁLTA – CAD A DHÉANFAIDH TÚ?

AN MHÁIRT

## Iarrtar Orainn Freastal le Ceanúlacht: N. Bheaga & N. Mhóra/Bunscoil 1 & 2

Scríobh d'ainm i lár baill agus scríobh nó tarraing cuid de na rudaí deasa a dhéanann tú, nó a deir tú, ar na gathanna gréine




AN MHÁIRT

**Iarrtar Orainn Freastal le Ceanúlacht: R.1 & R.2/Bunscoil 3 & 4**

## Scríobh Focail Chineálta Im' Bhéal



**Conas a labhraím go ceanúil?**

## Iarrtar Orainn Freastal le Ceanúlacht: R.3 & R.4/Bunscoil 5 & 6

Scríobh na focail san ord ceart agus gheobhaidh tú scéalta ón mBíobla a thugann le fios gur mhaith le hÍosa go mbeadh cion againn ar a chéile. Ceangail an scéal leis an tagairt don Bhíobla, trí na tagairtí a lorg sna Soiscéil. Ansin scríobh an tagairt in aice leis an scéal ceart.

| | |
|---|---|
| **Bailitheoir An Zacháias Cánach**<br>__________ ___ ___ __________ | TAGAIRT |
| **Ag Tobar Bhean An An**<br>___ _____ __ ___ ____ | TAGAIRT |
| **Maith An Samárach**<br>___ ____ _________ | TAGAIRT |
| **Drabhlásach An Mac**<br>___ ________ ___ | TAGAIRT |
| **Iníon Jairus**<br>______ ________ | TAGAIRT |
| **Lobhar Deichniúr An**<br>___ ___ ______ | TAGAIRT |
| **Chaora An Cailleadh A**<br>___ ____ _____ | TAGAIRT |
| **An Bartimaeus Dall**<br>__________ ___ _____ ___ | TAGAIRT |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Lúcás 19:1-10 | Lúcás 15:3-7 | Lúcás 15:11-32 | Lúcás 17:11-19 |
| Eoin 4:1-42 | Lúcás 10:25-37 | Matha 9:18-26 | Marcas 10:46-52 |

## Iarrtar Orainn Freastal le Ceanúlacht: R.5 & R.6/Bunscoil 7

**Rinne Angela Merici freastal maith ceanúil ar Dhia**

**Bain úsáid as an mbanc focal leis an scéal thíos a chríochnú**

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| máthair | teach | áthas | Eanáir | scoil | ceithre | sagart | cabhrú | | | |
| Desenzano | Del | Garda | bás | saol | Ursula | naomh | obair | fiche | 1474 | |
| ban | Iodáil | pósta | scríobh | guí | scoil | Dé | léamh | Dé | Ord | naomh |

Rugadh Angela Merici sa bhliain _ _ _ _ i mbaile beag san _ _ _ _ _ _darb ainm _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _. Fuair a _ _ _ _ _ _ _ bás nuair a bhí sí óg. Cuireadh as go mór di nuair a fuair a deirfiúr aonair bás go tobann, agus nach raibh deis ann fios a chur ar an _ _ _ _ _ _ . Rinne sí _ _ _ ar son na deirféar, agus tháinig fís chuici go raibh sí slán i measc na _ _ _ _ _. Shocraigh sí ar a _ _ _ _ a chaitheamh ag déanamh obair Dé. Thug sí faoi deara an méid cailíní óg gan oideachas a bhí ann. Ag an am sin ní dheachaigh ach cailíní saibhre ar _ _ _ _ _ . Mhúin Angela di féin conas _ _ _ _ _ agus _ _ _ _ _ _ _. Bhunaigh sí scoil do chailíní ina _ _ _ _ _ féin. Tháinig na sluaite ag freastal air. Tháinig mná eile le _ _ _ _ _ _ agus obair _ _ a dhéanamh. Cuireadh ceist uirthi _ _ _ _ _ eile a bhunú i mbaile eile. Bhí _ _ _ _ _ ar Angela é a dhéanamh.

Ar an 25 Samhain thóg Angela Merici dháréag _ _ _ agus bhunaigh sí Complacht Naomh _ _ _ _ _ _ . Bheadh na mná a bhí léi ag déanamh obair _ _ agus ag freastal ar an bpobal, ní raibh siad _ _ _ _ _ agus chónaigh siad sa bhaile. Rud éagsúil a bhí anseo. Na mná eile a rinne _ _ _ _ _ Dé, bhí siad ag cónaí lena chéile i gclochair. Ar an 18 Márta 1537, toghadh Angela mar cheannaire ar _ _ _ Naomh Ursula. Faoin am a fuair sí _ _ _ ar an 27 Eanáir 1540, bhí _ _ _ _ _ _ _ chraobh agus _ _ _ _ _ de Chomplacht Naomh Ursula ag freastal ar an Eaglais. Rinneadh _ _ _ _ _ d'Angela sa bhliain 1807. Bíonn a lá féile á cheiliúradh ar an 27 _ _ _ _ _ _ . Tá siúracha Ursalacha ag múineadh ar fud an domhain sa lá atá inniu ann.

# An Chéadaoin:
# Iarrtar Orainn Freastal le Lúcháir

**Don Mhúinteoir:** Inniu Lá na Seantuismitheoirí agus beidh an lá á cheiliúradh i scoileanna, agus beidh ceiliúradh á dhéanamh ar an mbealach ina dtugann na seantuismitheoirí lúcháir don chlann clainne, do na teaghlaigh, agus don phobal ina maireann siad. Tá seirbhís urnaí ar fáil ag **www.catholicbishops.ie/catholicschoolsweek** a chabhróidh leis na scoileanna ceiliúradh a dhéanamh ar bhonn urnaitheach leis na seantuismitheoirí a thagann chun na scoile inniu. Ar leathanach 21 tá gníomhaíocht maidir le cárta a dhéanamh do Lá na Seantuismitheoirí, atá oiriúnach do gach rang.

**N. Bheaga & N. Mhóra/Bunscoil 1 & 2:** Cuir ceist ar na páistí cén bhrí atá leis an bhfocal 'lúcháir'. Ciallaíonn sé go mbímid sona, uaireanta. Iarr ar an rang samplaí a thabhairt faoi na hamanna ina raibh siad sona, nó lúcháireach, bíodh sé ar scoil nó sa bhaile dóibh. Cuir i gcuimhne dóibh go mbíonn Íosa lán lúcháir nuair a bhímidne lán lúcháir. Ba mhaith le hÍosa go mbeadh gliondar ar ár gcroí. Dathaigh an pictiúr ar leathanach 17 agus scríobh an abairt seo leanas: 'Tá Lúcháir Íosa Ionam.' Cuir na pictiúir ar taispeáint san áit naofa, ionas go gcuimhneoimid air gur mhaith le hÍosa go mbeimis lán lúcháir. Can an t-amhrán, **'Tá an Lúcháir i Mo Chroí'**.*

**Tá an Lúcháir i Mo Chroí**
Tá an lúcháir, an lúcháir, an lúcháir, an lúcháir i mo chroí,
Sea i mo chroí!
Cén áit?
I mo chroí!
Tá an lúcháir, an lúcháir, an lúcháir, an lúcháir i mo chroí,
Sea i mo chroí!
Cén áit?
I mo chroí go síoraí!
Agus táimse sona,
Sona sásta go bhfuil grá Íosa i mo chroí,
Agus táimse sona,
Sona sásta go bhfuil grá Íosa i mo chroí.

**R.1 & R.2/Bunscoil 3 & 4:** I Soiscéal Eoin, deir Íosa: 'Dúirt mé na nithe seo libh chun go mbeadh mo lúcháirse ionaibh agus go mbeadh bhur lúcháirse iomlán'. (Eoin 15:11). Bí ag caint eadraibh féin mar gheall ar an lúcháir, agus mar gheall ar bheith sona. Ba mhaith le hÍosa go mbeimis lán lúcháir. Nuair a bhíonn áthas orainn agus muid ag tabhairt lúcháir don duine eile, bíonn gliondar ar Íosa chomh maith – tuigimid gur féidir linn an lúcháir a aimsiú in Íosa Críost. Spreag na daltaí le bheith ag caint faoi na hamanna sa bhaile nó ar scoil, inar mhothaigh siad go raibh siad lán lúcháir, agus inar thug siad an lúcháir chuig daoine eile. Má bhímid lúcháireach agus ag iarraidh an lúcháir chéanna a thabhairt do dhaoine eile, beimid i bhfochair Íosa, ag tabhairt lúcháir chuige siúd chomh maith. Nuair a bhíonn an plé thart, déan an obair atá leagtha amach ar leathanach 1. (*Tá an t-amhrán* **'Tá an Lúcháir i Mo Chroí'** *oiriúnach do rang 1 & rang 2 chomh maith*).

**R.3 & R.4/Bunscoil 5 & 6:** Déan plé maidir leis na rudaí a chuireann gliondar ar ár gcroí, go mbíonn lúcháir orainn dá bharr. Bíonn an lúcháir á lorg againn in áiteanna éagsúla – i measc na mbréagán, le fón póca, iPod, 7rl. Cé go mbíonn sonas áirithe le fáil in iarmhais ábhartha, ní bhíonn an lúcháir iomlán le fáil ach amháin i measc daoine eile, agus in Íosa. Léigh nó tabhair chun cuimhne an scéal 'An mac drabhlásach'**. Déan an scéal a phlé, agus ansin léigh an leagan suas chun dáta den scéal céanna. Iarr ar an rang a rá cén áit ina raibh an lúcháir á lorg ag an mbeirt, agus cuir ceist orthu an scéal suas chun dáta a chríochnú ag baint úsáide as an obair ar leathanach 19. Cé go mbíonn lúcháir le fáil in áiteanna eile ar feadh tamaill, tá an lúcháir iomlán le fáil i measc ár muintir féin, agus in Íosa Críost ach go háirithe.

**R.5 & R.6/Bunscoil 7:** Tá teachtaireacht shuimiúil ag an bPápa Proinsias, ceannaire na hEaglaise Caitlicigh dúinn. Deir sé linn conas lúcháir iomlán a aimsiú. Taispeánann sé dúinn ina shaol féin conas freastal ar an Tiarna le lúcháir, agus conas a bheith sona dá bharr. Léigh scéal an Phápa Proinsias leis an rang, déan an obair atá ar fáil ar leathanach 20 agus déan plé faoin áit ina mbíonn an lúcháir iomlán le fáil, dar leis an bPápa Proinsias.

*Éist ag: www.youtube.com/watch?v=q7ktc4vHJxI

**Féach ar líne ag www.watchbiblemovies.com/free-childrens-bible-movies/26-kids-new-testament/62-the-prodigal-son-animated-movie.html – Tá meascán de scéalta Íosa ann, agus an scéal 'An Mac Drabhlásach' ina measc.

**Iarrtar Orainn Freastal le Lúcháir: N. Bheaga & N. Mhóra/Bunscoil 1 & 2**

Í d'Íosa

L don Lúcháir



Tá Lúcháir Íosa Ionam

**Iarrtar Orainn Freastal le Lúcháir: R.1 & R.2/Bunscoil 3 & 4**

**Ba mhaith le hÍosa go mbeimis lán lúcháir!**

Bíonn sé deacair bheith lúcháireach i gcónaí, ach nuair a bhíonn lúcháir orainne, cuirimid lúcháir ar dhaoine eile, agus cuirimid lúcháir ar Íosa chomh maith.

Má bhímid lán lúcháir, bíonn Íosa lán lúcháir

**Scríobh nó Tarraing**

| Bím lán lúcháir nuair ... | Spreagaim lúcháir i ndaoine eile nuair ... |
| --- | --- |
| | |

Bíonn lúcháir ar Íosa dá bharr!

AN CHÉADAOIN

**Iarrtar Orainn Freastal le Lúcháir: R.3 & R.4/Bunscoil 5 & 6**

Bhfuil an scéal faoin Mac Drabhlásach ar eolas agat? Lúcás 15:11-32

## Léigh é! Cuimhnigh air! Pléigh é!

### Mac Drabhlásach an Lae Inniu

Bhí buachaill beag ann a chuaigh lena thuismitheoirí ar an aonach lá. Bhí áthas an domhain air i dtosach báire, ach de réir mar a chuaigh an lá ar aghaidh, d'éirigh sé míshásta leis an mbealach ina raibh na tuismitheoirí ag stiúradh gach a ndearna an teaghlach, agus mar a caitheadh an t-airgead. D'iarr sé go feargach ar na tuismitheoirí an t-airgead a bhí beartaithe le caitheamh air i rith an lae, a thabhairt dó féin. Ba mhaith leis é a láimhseáil agus cinneadh a dhéanamh faoin mbealach ina gcaithfeadh sé é.

Nuair a thug na tuismitheoirí an t-airgead dó, theith sé leis, lena chaitheamh de réir a thola féin. Líon sé a bholg le cácaí milse, agus chuaigh ar go leor turas. Díreach nuair a bhí an t-airgead ar fad caite, mhothaigh sé go n-éireodh sé tinn. Bhí sé leis féin agus bhí eagla air. Ní raibh spraoi le baint as bheith gan chara agus gan pingin rua agat. Thairg oibrí garbh obair dó ag bailiú bruscair. Ag an bpointe seo cheap sé go mbeadh sé níos fearr as an chuid eile den lá a chaitheamh lena mhuintir, fiú mura bhfaigheadh sé turas eile ar bith, seachas bheith ag bailiú bruscair. D'imigh sé lena mhuintir a lorg, agus bhí áthas an domhain ar an athair agus ar an mháthair nuair a d'aimsigh sé iad.

**Cad a tharla ina dhiaidh sin, an dóigh leat?**

D'inis Íosa an scéal faoin mac drabhlásach le cur i gcuimhne dúinn, an grá a bhíonn ag Dia dúinn, agus an bealach ina maitheann sé dúinn i gcónaí nuair a ghabhaimid leithscéal. Múineann an scéal dúinn nach i gcónaí a bhíonn lúcháir le fáil san áit ina mbeimis ag súil leis.

**Déan ciall as an abairt thíos! Cén áit ina mbíonn lúcháir le fáil?**

**áT riáhcúl el liáf ni asoÍ tsoírC**

_______ _______ _______ _______ _______ _______ _______

## Iarrtar Orainn Freastal le Lúcháir: R.5 & R.6/Bunscoil 7

**Meabhraíonn An Pápa Proinsias dúinn faoi lúcháir an tSoiscéil!**

**Cé hé An Pápa Proinsias?**
Is é Pápa uimhir 266 An Pápa Proinsias. D'éirigh an ghal bhán ón Vatacáin ar an 13 Márta 2013, ag tabhairt le fios gur toghadh an Pápa nua, tar éis dhá lá de chomhthionól na gcairdinéal. Bhí ionadh an domhain ar dhaoine gur toghadh duine darb ainm Jorge Mario Bergoglio mar Phápa, toisc nach raibh mórán aithne air. Duine umhal, díreach, oscailte, gan aon chur i gcéill ag baint leis a bhí ann, agus ghlac an domhan, agus lucht an chreidimh leis go fonnmhar.

**An raibh Pápa Proinsias eile ann roimhe seo?**
Seo an chéad uair a roghnaíodh an t-ainm Proinsias. Roghnaíodh é i gcuimhne Naomh Proinsias Assisi, an duine a bhunaigh Ord domhanda na bProinsiasach, laoch na mbocht, éarlamh na n-ainmhithe agus na timpeallachta. Déanann An Pápa Proinsias cúram mór de na bochtáin, agus iarrann sé ar phobal na hEaglaise, agus ar phobal an domhain chomh maith, tacú leis an mhuintir is mó gátar.

**Cad as dó?**
Rugadh An Pápa Proinsias ar an 17 Nollaig 1936 i mBuenos Aires, príomhchathair na hAirgintíne, Meiriceá Theas. Is de bhunadh Iodálach é. Chuaigh sé isteach in Ord na nÍosánach (Jesuits) mar nóibhíseach, agus rinneadh é a oirniú mar shagart sa bhliain 1969. Ceapadh mar Ardeaspag Buenos Aires é sa bhliain 1998 agus rinneadh cairdinéal de sa bhliain 2001.

**An eisean an chéad duine a rinne rudaí áirithe?**
Thug An Pápa Proinsias stíl nua oibre leis, chun na pápachta. Is cuma leis, an phoimp agus na gnásanna a bhaineann leis an bpápacht. Rinne sé rud as an ngnáth trí chur faoi i dteach aíochta na Vatacáine, in ionad cónaí in áras cónaithe an Phápa. Caitheann an Pápa saol simplí, tá carr tríocha bliain d'aois aige, cé go bhfuil sé ar acmhainn aige carr nua faiseanta den scoth a bheith aige, mar a bhíodh ag cuid de na Pápaí a d'imigh roimhe.

**Is eisean:**
- An chéad Phápa a rugadh taobh amuigh den Eoraip ó aimsir Gregory III (731–741)
- An chéad Phápa a tháinig ó Chríocha Mheiriceá
- An chéad Phápa Íosánach
- An chéad Phápa ó aimsir an Phápa Lando (913–914) a roghnaigh ainm nár baineadh úsáid as cheana féin.

**Cén áit a ndeir An Pápa Proinsias, ina mbíonn lúcháir le fáil?**
Nuair a rinneadh Pápa de, scríobh Proinsias leabhar darb ainm *Evangelii Gaudium* (Laidin ar 'Lúcháir an tSoiscéil'). Leagann an leabhar seo amach an obair a chuir Proinsias roimhe féin mar Phápa, agus leagann sé béim air, gur féidir linn an lúcháir a aimsiú i measc scéalta Íosa sna Soiscéil. Tugann na scéalta seo léargas dúinn faoin ngrá ollmhór atá ag Íosa dúinn, agus gur mhaith leis ár gcroí a líonadh le grá agus le lúcháir, má theastaíonn a leithéid uainn agus má ligimid leis.

**Cén mana a roghnaigh An Pápa Proinsias?**
Roghnaigh sé an mana, 'Trí bheith trócaireach, trí Eisean a roghnú.'

**Cén cruth atá ar sciath An Phápa Proinsias?**



**Gníomhaíochtaí:**
1. Déan taighde i ngrúpaí nó i mbeirteanna, maidir leis na focail atá sa chló gorm.
2. Bailigh tuilleadh eolais faoin bPápa Proinsias agus roinn an t-eolas sin leis an rang.
3. Déan taighde faoi mhanaí is faoi shuaitheantais na bPápaí eile agus cruthaigh líne ama den deichniúr Pápa is déanaí.
4. Scríobh paidir ar son an Phápa Proinsias nó ar son na mbochtán ar domhan.

**Cuimhnigh air:**
**Cuireann An Pápa Proinsias i gcuimhne dúinn go bhfuil lúcháir cheart le fáil sna Soiscéil!**

# Déan Cárta do Lá na Seantuismitheoirí!

**Cad atá uait:**


- Cárta A4
- Siosúr
- Pinn luaidhe daite/criáin/marcóirí

Gabhaim buíochas libh
as mé a ghrá,
Beannaíonn sibh mé
gach uile lá.

Lá na Seantuismitheoirí
Sona Daoibh!

Buíochas libh a
Sheantuismitheoirí,
as Lúcháir Íosa!

**Dathaigh agus gearr amach an pictiúr seo agus greamaigh ar thosach an chárta é:**



# An Déardaoin:
# Iarrtar Orainn Freastal le Fírinne

**Don Mhúinteoir:** Leanaimid téama Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha trí iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach ina n-iarrtar orainn freastal le fírinne nó, ar bhealach eile, freastal go fírinneach ar Dhia. Má bhímid ag freastal air go fíor, bímid á dhéanamh lenár gcroí iomlán, lenár n-intinn iomlán, agus le hiomlán nirt. Ní féidir a leithéid a dhéanamh gan am a chaitheamh leis, gan aithne a chur air, gan é a ghrá le hiomlán croí, meoin, nirt. Déanfaimid ransú ar na bealaí ina bhféadfaimis am a chaitheamh le Dia, ionas gur féidir linn freastal air go fírinneach mar pháistí Dé.

**N. Bheaga & N. Mhóra/Bunscoil 1 & 2:** Tabhair cuireadh do na páistí machnamh a dhéanamh ar na bealaí ina dtarraingíonn siad aird an duine eile. An mbeannaíonn tú dóibh agus 'Dia duit' a rá? An bhfostaíonn tú muinchille orthu agus a rá leo gur mhaith leat labhairt leo? An bpreabann tú in airde agus tosú ag béicíl? An mbuailtear bleid ar dhaoine ar bhealaí éagsúla más duine óg nó duine beagán níos fásta ná iad féin, nó más duine mór fásta atá i gceist? Anois iarr orthu conas a tharraingíonn daoine aird Dé orthu féin. An bpreabann siad in airde, ag béicíl, an labhraíonn siad i gcogar? Cad é an bealach is fearr le haird Dé a tharraingt orainn? Abair leo go mbíonn aird ag Dia i gcónaí orainn. Bíonn Dia ag tabhairt aire dóibh, ag éisteacht leo, ag fanacht orthu dul chun cainte leo. Nuair a bhíonn paistí an-óg bíonn Mamaí nó Daidí ag tabhairt aire i gcónaí, ag breathnú amach dóibh. Fiú nuair a bhíonn siad ina gcodladh, bíonn Mamaí agus Daidí sa seomra eile agus córas monatóireachta acu ionas gur féidir cluas a thabhairt dóibh, ar eagla go mbeadh rud uathu. Is amhlaidh do Dhia. Ba mhaith le Dia go mbeimis ag labhairt leis, am a chaitheamh leis, a rá leis cad iad na rudaí a thugann taitneamh dúinn, na rudaí a chuireann buairt orainn. Tá gníomhaíocht ar leathanach 24 a thabharfaidh deis do na mic léinn dath a chur ar choinneal agus a n-ainmneacha a scríobh orthu.
D'fhéadfaí na coinnle a ghearradh amach agus a úsáid i rith an achair urnaí seo leanas. Bíonn a fhios ag Dia go bhfuilimid réidh chun cainte leis, nuair a lasaimid ár gcoinnle. (Las an choinneal ranga anois.) Bíonn a fhios ag Dia chomh maith, go bhfuilimid réidh chun cainte leis nuair a dhéanaimid fíor na Croise a ghearradh orainn féin. Gearr fíor na Croise go mall ort féin. Anois tuigeann Dia go bhfuilimid réidh chun cainte leis. Bíodh na daltaí ina dtost ar feadh nóiméid, ag smaoineamh ina gcroí istigh maidir leis an méid a déarfaidh siad le hÍosa. Iarr orthu teacht aníos, an choinneal a bhreith leo agus a leagan ar an mbord in aice le coinneal an ranga. Is féidir leo guí os ard mar seo: 'Móra duit a Dhia, seo _____________, ba mhaith liom a rá leat go bhfuil grá agam duit'. Cuir deireadh leis an bpaidir, trí fíor na Croise a ghearradh athuair.

**R.1 & R.2/Bunscoil 3 & 4:** Iarr ar na daltaí smaoineamh ar dhaoine a bhfuil aithne an-mhaith acu orthu, daoine ag an mbaile, Mamaí nó Daidí, deartháir nó deirfiúr, seantuismitheoir, aintín nó uncail leo, col ceathrar, cara scoile, an té a shuíonn in aice leo sa seomra ranga, duine a bhí cairdiúil leo ón gcéad uair a thángadar ar scoil, duine a chónaíonn sa timpeallacht. Smaoinigh ar ainm an duine sin agus abair os ard é. Smaoinigh ar an méid eolais atá agat faoin duine sin: cén aois dóibh, cén dath gruaige, cén clár teilifíse is ansa leo, an bia is fearr leo, ainm pheata, cá bhfuil cónaí orthu, an dath is ansa leo. Conas a bhíonn a fhios ag na paistí faoi na cúrsaí seo? Caitheann siad am leis na daoine sin, ag caint agus ag éisteacht leo, tugann siad rudaí faoi deara fúthu, toisc go bhfuil suim acu iontu, cuireann siad ceisteanna chun tuilleadh eolais a bhailiú, ba mhaith leo aithne níos fearr a chur orthu. Seo an rud a dhéanaimid nuair a bhímid cairdiúil le duine. Tuigimid go bhfuil Dia mar chara againn. Bíonn gá le ham a chaitheamh leis má theastaíonn uainn aithne níos fearr a chur air. Bealach eile le haithne a chur ar Íosa ná trí bheith ag éisteacht leis na scéalta a d'inis Sé dúinn, nó le scéalta mar gheall air féin. Cén áit ina mbíonn na scéalta seo ar fáil? Tá siad ar fad ar fáil sa leabhar speisialta a dtugaimid an Bíobla air. Taispeáin Bíobla an ranga dóibh. An

AN DÉARDAOIN

cuimhin leo scéal ar bith a chuala siad ón mBíobla: scéal an ógánaigh a thug na builíní agus an t-iasc d'Íosa le go bhféadfaí an slua a chothú; an scéal inar dúirt Íosa gurb iad na páistí an acmhainn ba luachmhara a bhí ann: scéal bhreith Íosa; an scéal faoin uair ina ndeachaigh sé ar seachrán, agus an áit ina bhfuarthas é. Níor luadh ach cuid bheag de na scéalta a bheadh oiriúnach do na leanaí. Roghnaigh scéal a thaitníonn leat, agus léigh dóibh é. Las an choinneal ranga agus léigh an scéal go mall. Nuair a bhíonn an scéal léite, gabh buíochas de Dhia as na scéalta a thugann léargas ar shaol Íosa dúinn, agus as an mbealach ina bhféadfaimis a mhianta faoin fhreastal ar Dhia a chur i bhfeidhm i gceart. Cabhraigh leis na daltaí an obair ar leathanach 25 a chur i gcrích.

**R.3 & R.4/Bunscoil 5 & 6:** Más maith linn aithne cheart a chur ar dhaoine, caithimid am ina dteannta. Cabhraíonn sé seo linn aithne níos fearr a chur orthu. Uaireanta téimid ar cuairt chucu sa bhaile, féachaint ar an áit ina gcónaíonn siad, bualadh leis an teaghlach, éistimid le scéalta mar gheall orthu, roinnimid bia leo, agus nuair a thagann an t-am chuige bheith ag bualadh bóthair, geallaimid go minic go bhfillfimid orthu athuair. Má bhíonn duine ag cur aithne ar Dhia, tá sé ar nós a bheith ag cur aithne ar chara. Má theastaíonn uainn bheith ag freastal ar Dhia le hiomlán croí, le neart agus lenár n-intinn iomlán, beidh orainn am a chaitheamh le Dia. Caithimid cuairt a thabhairt ar theach Dé, bualadh lena mhuintir, éisteacht le scéalta faoi, amhrán nó dhó a chanadh, bia a roinnt leis agus nuair a bhíonn an chuairt thart, gealltanas a thabhairt go mbeimid ag filleadh athuair air. Cén uair is féidir linn a leithéid a dhéanamh? Déanaimid a leithéid nuair a thugaimid cuairt ar an séipéal, teach Dé. Déanaimid é chomh maith nuair a théimid ar Aifreann agus nuair a bhuailimid le pobal Dé ann. Tá an méid a tharlaíonn ag an Aifreann ar nós bheith ag tabhairt cuairte ar chara leat. Bain úsáid as an ngníomhaíocht ar leathanach 26 le go bhfaigheadh na páistí cabhair maidir le tuiscint bheith acu faoin ngaol atá ann idir cuairt a thabhairt ar chara, agus bheith ag caitheamh ama i dteach Dé. Céard faoi na mic léinn a thabhairt ar cuairt chuig teach an phobail le go bhfeicfidís cuid de na rudaí a raibh trácht orthu thuas?

**R.5 & R.6/Bunscoil 7:** Tabharfaidh gníomhaíocht leathanach 27 deis do na leanaí iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach inar chuir Íosa an Spiorad Naomh ar talamh, le cabhrú leis na deisceabail obair Dé a chur i bhfeidhm. Is féidir forleathnú a dhéanamh ar an ábhar seo nuair a bhíonn na daltaí ag ullmhú don Chóineartú, agus cabhróidh seacht dtíolaicí an Spioraid Naoimh leo freastal go fírinneach ar an Tiarna le croí, neart agus iomlán intinne.



AN DÉARDAOIN


**Iarrtar Orainn Freastal le Fírinne: N. Bheaga & N. Mhóra/Bunscoil 1 & 2**



## Iarrtar Orainn Freastal le Fírinne: R.1 & R.2/Bunscoil 3 & 4

### Cabhraíonn an Bíobla liom aithne níos fearr a chur ar Íosa

**Déan pictiúr faoin scéal ón mBíobla is ansa leat. Cad a deirtear faoi Íosa ann?**



## Iarrtar Orainn Freastal le Fírinne: R.3 & R.4/Bunscoil 5 & 6

### Caith am i dTeach Dé

**Déan na focail a cheangal leis an mbrí**

Altóir

Freastalaithe

An Léitheoir

Uisce Coisricthe

Pobal Dé

Paidreacha

Cór

Sagart

Soiscéal

Daoine i láthair ag an Aifreann

Léann an duine seo scéal Dé dúinn

Cabhraíonn siad linn canadh

Labhraímid le Dia

An bord don searmanas

Beannaímid sinn féin leis

Tá scéal bheatha Íosa ann

Cabhraíonn siad leis an sagart

An ministir

## Iarrtar Orainn Freastal le Fírinne: R.5 & R.6/Bunscoil 7

**Tá cur síos anseo ar an ngeall a thug Íosa do na deisceabail roimh dhul ar neamh dó:**

**'Má tá grá agaibh dom, coinneoidh sibh m'aitheanta. Agus iarrfaidh mé ar m'Athair é, agus tabharfaidh sé Abhcóide eile daoibh chun fanacht faraibh go deo – Spiorad na Fírinne, nach féidir don saol a ghlacadh, mar ní fheiceann sé é ná ní aithníonn sé é. Ach aithníonn sibhse é mar fanann sé faraibh, agus beidh sé ionaibh.' (Eoin 14:15-17)**

**Freagair na ceisteanna:**

Cad é an treoir is tábhachtaí a thug Íosa dá chairde?

Cad is brí leis an bhfocal 'Abhcóide'?

Cé hé an 'Abhcóide' atá i gceist ag Íosa?

Cén fáth, an dóigh leat, a raibh abhcóide de dhíth ar na deisceabail?

An ndearna Íosa beart de réir a bhriathar?

Léigh Gníomhartha na nAspal, caibidil 2, véarsaí 1 go 4 agus faigh amach cad a tharla nuair a tháinig an t-abhcóide. Scríobh scéal na Cincíse i d'fhocail féin.

# An Aoine:
# Iarrtar Orainn Freastal le Ceart

**Don Mhúinteoir:** Ní féidir go mbeadh síocháin ar domhan gan an ceart a bheith i bhfeidhm. Tá sé seo go mór le sonrú ar fud na cruinne. Tagann scéalta choireanna chogaidh chun tosaigh ó thíortha a fhulaingíonn an chogaíocht ar bhonn leanúnach, cogaíocht nach bhfuil ceart ná cóir, agus bíonn na gnáthdhaoine go mór ag fulaingt sna tíortha sin. Glacaimid i rith na seachtaine seo, leis an gcuireadh a tugadh dúinn freastal sa bhaile, ar scoil, agus i measc an phobail de réir mar a bhíonn ar acmhainn againn, ar mhaithe le feabhas a chur ar an saol. Déanaimid machnamh ar an mbrí a bhaineann leis an cóir is an ceart a chur i bhfeidhm inár saol, mar chine Críostaí.

**N. Bheaga & N. Mhóra/Bunscoil 1 & 2:** Arsa Íosa linn, 'Tabhair grá dá chéile faoi mar a thug mise grá daoibh'. Nuair a thugaimid grá do dhaoine eile, bímid ag déileáil leo ar bhealach ceart, cóir. Cabhróidh an obair ar leathanach 29 leis na páistí, díriú ar na nithe a d'fhéadfaidís a dhéanamh ar mhaithe le daoine eile, rudaí a léireoidh an ceart is an cóir, a thabharfaidh le fios gur féidir leo feidhmiú ar bhealach ceart cóir ar mhaithe le daoine eile. Déan na samplaí éagsúla ar an leathanach a phlé. Spreag na páistí chun cainte maidir leis an réimse imeachtaí a luaitear, agus cén fáth gur féidir a rá go mbíonn gníomhartha áirithe cothrom, nó míchothrom.
Tabhair go leor ama dóibh críoch a chur leis an obair. Bheadh sé oiriúnach do na Naíonáin Mhóra an abairt ag bun an leathanaigh a chríochnú. Ag an deireadh, las an choinneal ranga agus tabhair cuireadh do na daltaí buíochas a ghabháil as na daoine a bhí cothrom leo, agus abair leo an grásta a lorg ó Dhia ionas go mbeidh ar a gcumas bheith cothrom leis an duine eile i gcónaí.

**R.1 & R.2/Bunscoil 3 & 4:** Thaispeáin Íosa dúinn conas a bheith cothrom le daoine. Thug sé an dea-shampla dúinn i ngach a dúirt sé, i ngach a rinne sé, sa teagmháil a bhí aige le daoine. Bhí sé cothrom agus cóir i leith daoine nach raibh ionraic iad féin. Má bhreathnaímid ar scéal Zacháias an bailitheoir cánach, mar shampla, feicimid duine nach raibh cothrom sa bhealach inar dhéileáil sé le daoine eile, agus nach raibh meas madra air i measc an phobail. Inis scéal Zacháias don rang. Tá sé ar fáil i Lúcás 19:1-10 agus tá leagan eile ann ar líne ag: **www.dltk-bible.com/cv/zacchaeus.htm.** Déan an ghníomhaíocht ar leathanach 30, leis an fhoghlaim a dhaingniú.


**R.3 & R.4/Bunscoil 5 & 6:** Arsa an Pápa Pól VI uair, 'Má bhíonn an tsíocháin uait, bí ag obair ar son an chirt.' Sa tSeanmóir ar an Sliabh, sna Biáide (Matha 5:1-12), Deir Íosa: 'Is méanar do lucht síochána a dhéanamh, óir glaofar clann Dé orthu'. Tá gaol láidir ann, idir an tsíocháin agus an ceart. Ní bheidh síocháin ann san áit nach mbíonn an ceart i bhfeidhm inti, agus bíonn an tsíocháin á lorg i gcónaí ag an uile dhuine ar domhan. Má bhímid ag freastal ar Dhia le ceart agus le cóir, beimid ag cabhrú le síocháin a bhunú ar domhan. Éilíonn Íosa uainn go mbeimis faoi shíocháin inár gcroí agus inár saol féin, agus ag maireachtáil go síochánta leis an bpobal inár dtimpeall.
Labhair leis na páistí faoi na bealaí ina bhféadfaidís a bheith ag obair ar son an chirt agus na síochána ar domhan, agus bheith cothrom le daoine eile. Conas is féidir leo an tsíocháin a chur i bhfeidhm sa seomra ranga, ar scoil, sa chlós, trí bheith cothrom le daoine eile. Abair leo an méid a dúirt Teresa Beannaithe Calcutta: 'Meangadh Gáire, Tús na Síochána'. An dtuigeann na páistí an rud atá i gceist? Bain úsáid as focail mar: meangadh gáire, maithiúnas, éisteacht, roinnt, smaoineamh, glacadh, leithscéal a ghabháil, meas a léiriú, scaoileadh isteach, bheith smaointeach, leis an bplé a stiúradh. Spreagfaidh an ghníomhaíocht ar leathanach 31 na páistí le go bhféadfaidís Clár Síochána a dhearadh, agus an plé a dhaingniú. Is féidir an obair a dhéanamh mar dhaoine aonair, i mbeirteanna, i mbuíonta nó mar rang iomlán. D'fhéadfaí na cláir chruthaitheacha a chrochadh sa rang, nó i ndorchla na scoile. Déan an téama a leathnú amach trí thagairt a dhéanamh do dhaoine cáiliúla a bhí nó a bhíonn ag obair ar son na síochána ar domhan. Cuir críoch leis an gceacht seo trí phaidir ar son na síochána a rá, agus tabhair chun cuimhne na baill d'Óglaigh na hÉireann atá ag obair ar son na síochána sa Liobáin, sa tSiria, agus in áiteanna eile timpeall an domhain.

**R.5 & R.6/Bunscoil 7:** I rith na seachtaine seo bhí iniúchadh á dhéanamh againn ar na bealaí ina bhféadfaimis freagairt a thabhairt ar an nGairm Fhreastail a chuirtear orainn mar lucht leanúna Chríost. Chaitheamar súil ar chuid mhaith ghné den tseirbhís seo: freastal le grá, le ceanúlacht, le lúcháir, le fírinne agus le ceart. B'fhéidir gur mhaith an rud é soiléiriú a dhéanamh ar bhrí an fhocail 'Ceart'. Déan ransú smaointe ar an mbrí a bhaineann leis an bhfocal, agus leis an mbrí a bhaineann siad féin as. Cad iad na focail eile a bheadh oiriúnach don smaoineamh céanna? Cad is brí le bheith ag tabhairt an ceart do dhaoine? Ar leathanach 32 tá liosta daoine/eagraíochtaí a bhíonn ag saothrú go dian, agus uaireanta iad féin bheith á chur i mbaol, le cothrom Féinne a bhaint amach i measc ciníocha an domhain. Roinn na daltaí i mbuíonta agus lig do na grúpaí, duine nó eagraíocht amháin a roghnú, agus a fháil amach an méid a dhéanann siad le go mbeadh a gcearta á dtabhairt do phobail an domhain ar bhealach cóir.


### Iarrtar Orainn Freastal le Ceart: N. Bheaga & N. Mhóra/Bunscoil 1 & 2

**Ba mhaith le Dia go mbeimis ceart agus cóir lena chéile**


**Cuir ciorcal thart ar aon phictiúr a léiríonn go bhfuil páiste i gceart agus i gcóir. Tarraing x mór trí na pictiúir a léiríonn páistí nach bhfuil ag gníomhú ar bhealach ceart cóir.**














# Déanaim an chóir nuair a

**Iarrtar Orainn Freastal le Ceart: R.1 & R.2/Bunscoil 3 & 4**

## Mhúin Íosa do Zacháias conas a bheith cóir



**Cuir na habairtí san ord ceart agus léigh scéal Zacháias. Scríobh i do chóipleabhar iad.**

Rinne sé éagóir ar an uile dhuine.

Ansin thug Zacháias cion don uile dhuine.

Thug Íosa cuairt ar theach Zacháias.


Níor thaitin Zacháias le duine ar bith.

Thug Íosa cion do Zacháias.

## Iarrtar Orainn Freastal le Ceart: R.3 & R.4/Bunscoil 5 & 6

**‘Meangadh Gáire, Tús na Síochána’**
*Teresa Beannaithe Calcutta*

**Cruthaigh Clár Síochána don seomra ranga. Líon an spás le focail, le pictiúir, le tagairtí, le paidreacha, le nathanna cainte a chuireann an tsíocháin i gcuimhne daoibh.**




Meangadh Gáire
Tús na
Síochána

AN AOINE


## Iarrtar Orainn Freastal le Ceart: R.5 & R.6/Bunscoil 7

**Ag obair i ngrúpaí daoibh, bailigh eolas maidir leis na daoine/eagraíochtaí thíos**




Peter McVerry Trust
Opening doors for homeless people



# Machnamh Críostaí do Pháistí

Le blianta beaga anuas tá méadú ag teacht ar líon na bpáistí a chleachtann an machnamh Críostaí, rud taitneamhach atá oiriúnach do chách. Is féidir é a chur i bhfeidhm ar bhonn uilescoile, nó i seomraí ranga indibhidiúla. Tá **Christian Meditation Ireland** ag gabháil le déanaí do mhachnamh den sórt seo le páistí, ar bhonn píolóta. Ón aischothú atá faighte acu, tuigtear go n-éiríonn thar barr leis.

Féach www.christianmeditation.ie/index.php?q=meditation_and_children le tuilleadh eolais a fháil.

Tá sampla den  mhachnamh Críostaí atá in úsáid i mbunscoileanna na hÉireann, ar fáil thíos.

1. Roghnaigh am áirithe leis an machnamh a dhéanamh sa seomra ranga. I rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha, bheadh sé ciallmhar socrú ar am oiriúnach i ndiaidh '*Machnamh an Lae*'.
2. Moltar mar threoir, go gcaithfí nóiméad in aghaidh aois na ndaltaí i mblianta, ar an machnamh. **Nóta:** Má fhaigheann an múinteoir amach go mbíonn sé deacair do na páistí díriú ar an machnamh don tráth ar fad, is féidir tosú le machnamh gearr, dhá nó trí nóiméad, agus cur leis an am de réir a chéile.
3. Cuir ciúnas i bhfeidhm sa seomra ranga i dtosach báire. Abair leis na daltaí suí suas go díreach, droim righin, agus na cosa bheith go socair ar talamh. Cuiridís na lámha ar na glúine, agus bíodh na súile dúnta acu.
4. Abair leis na daltaí go dtugann an saghas seo paidreoireachta deis dóibh bheith i bhfochair Dé, go ciúin agus go réidh. I dtosach báire, déanfaimid mantra nó focal naofa a rá, go ciúin lena chéile, agus ansin is féidir leis na daltaí é a rá os íseal istigh sa cheann. Is é an mantra ná **MA-RA-NA-THA (Tar a Thiarna)**.
5. Abair leis an rang trí anáil doimhne a ghlacadh, agus abair an mantra go ciúin in éineacht leo cúpla uair. Iarr ar na mic léinn leanúint ar aghaidh ansin, agus an mantra á rá os íseal acu, ar feadh pé achair ama a bheadh oiriúnach daoibh.
6. Bíodh an rang ciúin i gcónaí, agus má éiríonn duine as an machnamh, caithfidh an duine sin bheith ciúin ar mhaithe leis an gcuid eile acu.
7. Nuair a bhíonn an t-am istigh, abair leis na daltaí na súile a oscailt go mall, iad ag fanacht ciúin i rith an ama, go dtagann siad chucu féin. D'fhéadfaí síneadh, luail nó searradh a dhéanamh leo le deireadh a chur leis an nguí.



Rinne Maeve Mahon comhordú ar an bpacáiste acmhainní seo i gcomhar le: Mary Finnegan, Michael Kilcrann agus Hazel O'Connor, ag fáil comhairle ó Choiste Stiúrtha Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2015.

**Is iad baill an Choiste Stiúrtha ná:**

Mr Justin Brown, Mgr Jim Cassin, Dr Ger Condon, Fr Martin Delaney, Colette Dower, Brenda Drumm, Fr Michael Drumm, Bríd Dunne, Fr Paul Farren, Maura Hyland, Ferdia Kelly, Martin Long, Elaine Mahon, Maeve Mahon, Anna Maloney, Bernadette Martin, Tony McCann, Michael Redmond, Mr John Scally, Maria Spring, Sr Eithne Woulfe.

## Scoileanna Caitliceacha: Gairm Fhreastail

Acmhainní don Phobal Bunscoile: Baile, Scoil & Paróiste

25–31 Eanáir 2015